**Ceapachán chuig Comhlacht Saineolaithe Éireann um Fhluairídí agus Sláinte**

**Dáta Deiridh: 15 Deireadh Fómhair 2020**

DRÉACHT

**Comhlacht Saineolaithe Éireann um Fhluairídí agus Sláinte ("an Comhlacht Saineolaithe")**

## 1. Léirithe Spéise á lorg chun dhá fholúntas a líonadh

Tá an tAire Sláinte ag lorg Léirithe Spéise ó dhaoine atá cáilithe go cuí le bheith ina gcomhaltaí de Chomhlacht Saineolaithe Éireann um Fhluairídí agus Sláinte.

**Suíomh Chruinniú an Bhoird:** Lár chathair Bhaile Átha Cliath
**Líon na gComhaltaí:** 12 (uasmhéid)
**Luach saothair:** Nialas. Íocfar liúntais le baill as costais taistil agus cothaithe (rátaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) a thabhaítear maidir lena bhfreastal ar chruinnithe den Chomhlacht Saineolaithe nó de choiste nó eile i dtaca le gnóthaí an Chomhlachta Saineolaithe.
**Riachtanais Ama:** Beidh 4 chruinniú (3 uair an chloig) ar a laghad ag an gComhlacht Saineolaithe in aghaidh na bliana, a bhíonn ar siúl ar maidin de ghnáth. D'fhéadfaí fochoistí a bhunú agus thiocfadh siad le chéile de réir mar is gá. Nó d'fhéadfadh líon na gcruinnithe iomlána den Chomhlacht méadú. Cuirfear tacaíocht rúnaíochta ar fáil.
**Téarma oifige**: Mairfidh an ceapachán ar feadh théarma oifige an Chomhlachta Saineolaithe reatha i.e. go dtí 31 Deireadh Fómhair 2022.

## 2. Cúlra

Ceapadh an Comhlacht Saineolaithe reatha um Fhluairídí agus Sláinte an 1 Samhain 2017.

Tá dhá fholúntas le líonadh.

## 3. Téarmaí tagartha don Chomhlacht Saineolaithe um Fhluairídí agus Sláinte

- Comhairle a chur ar an Aire maidir le gach saincheist a bhaineann le fluairídiú soláthairtí uisce poiblí agus a thionchar ar ghnéithe eile den bheartas.
- An taighde reatha agus taighde atá ag teacht chun cinn a mheas le béim ar fhoilseacháin taighde 'ardtionchair' a ndéantar athbhreithniú piaraí orthu nó a gcoibhéis. Áireofar leis seo tionchair timpeallachta agus a mhodhanna seachadta mar theicneolaíocht sláinte bhunaithe.
- Measúnú a dhéanamh ar athbhreithniú fianaise an Bhoird Taighde Sláinte ar 'Éifeachtaí fluairídiú uisce ar shláinte' a foilsíodh i Meitheamh 2015.
- Tuairisciú don Aire ar ábhair imní ar iarratas uaidh/uaithi nó ar thionscnamh an Chomhlachta féin de réir mar is gá.
- Ról cumarsáide agus meán seachtrach a bheith aige de réir mar a éilíonn an tAire.
- Plean oibre bliantúil a chur isteach a bhaineann le hobair an Chomhlachta Saineolaithe, lena n-áirítear straitéis chuardaigh, agus tuarascáil bhliantúil ar an obair lena ceadú ag an Aire sula bhfoilseoidh an Comhlacht í.
- Tuairisciú don Roinn Sláinte ar an bplean oibre agus ar shaincheisteanna a thagann chun cinn arna iarraidh sin.

## 4. Sonraíocht an Duine

Tá an tAire Sláinte ag lorg iarratas ó dhaoine a bhfuil spéis acu agus atá toilteanach fónamh ar an gComhlacht Saineolaithe um Fhluairídí agus Sláinte. Éilíonn na róil seo duine atá sásta dualgais a chomhlíonadh, duine atá solúbtha agus tiomanta don tseirbhís phoiblí. Ba cheart

d'iarratasóirí, dá bhrí sin, smaoineamh cibé an bhfuil siad ar fáil chun dul i ngleic go hiomlán le hobair an Chomhlachta Saineolaithe agus a bheith ar aon fhochoistí ábhartha.

Ba chóir go mbeadh an méid seo a leanas ag iarratasóirí:

***Saineolas sonrach i gceachtar de na réimsí seo a leanas*:**

- Éiceathocsaineacht/Éiceathocsaineolaíocht
- Eipidéimeolaíocht Fheidhmeach

***Cáilíochtaí acadúla:***

***Riachtanach***

- Cáilíochtaí acadúla láidre agus/nó cúlra taighde agus/nó saineolas i bhfeidhmiú taighde i réimsí na hÉiceathocsaineachta agus/nó na hEipidéimeolaíochta Feidhmí.

***Inmhianaithe***

- Dearadh agus léirmhíniú staidéir taighde le saineolas/léargas ar leith ar dhearadh le haghaidh idirghabhálacha casta. Áireofar leis seo saineolas/léargas in athbhreithnithe córasacha agus i meit-anailís.

***Tréithe Inmhianaithe***

- Breithiúnas éifeachtach.
- Smaointeoireacht neamhspleách agus leathan-aigeantacht;
- Leibhéal ard ionracais agus freagrachta;
- Scileanna cumarsáide éifeachtacha lena n-áirítear an cumas faisnéis theicniúil/eolaíoch a chur i láthair agus a chur in iúl;
- An cumas faisnéis a mheas agus seicheamh loighciúil a leanúint chun cinntí a dhéanamh;
- Tiomantas gníomhú ar mhaithe le leas an phobail agus tuiscint ar an ról atá ag an gComhlacht Saineolaithe maidir le comhairle a chur ar an Aire; agus

***Eolas agus tuiscint ar***

- An timpeallacht dhlíthiúil agus rialála;
- An timpeallacht ina bhfeidhmíonn an Comhlacht Saineolaithe, lena n-áirítear na caidrimh le príomhpháirtithe leasmhara mar an Roinn Sláinte, Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte agus Uisce Éireann;
- Córas sláinte na hÉireann.

**5. Téarma Ceapacháin**

Is ionann téarma oifige an Chomhlachta Saineolaithe reatha agus 5 bliana ó dháta a cheapacháin m.sh. an 1 Samhain 2017, faoi réir na nithe seo a leanas:

- Féadfaidh an tAire ballraíocht aon chomhalta den Chomhlacht Saineolaithe a fhoirceannadh tráth ar bith, ar bhonn cúiseanna arna lua ag an Aire.

- Féadfaidh comhalta den Chomhlacht Saineolaithe a bhallraíocht a scor trí fhógra i scríbhinn a chuirfear chuig nó a thabharfar don Chathaoirleach, agus tiocfaidh an t-éirí as i bhfeidhm an lá a gheobhaidh an Cathaoirleach an fógra.

- Beidh comhaltaí an Chomhlachta Saineolaithe i seilbh ceapacháin ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire ó am go ham.

- Scoirfidh comhalta den Chomhlacht Saineolaithe de bheith ina chomhalta den Chomhlacht Saineolaithe má ainmnítear é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, má thoghtar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar ionadaí i bParlaimint na hEorpa, má thoghtar é nó í chuig Parlaimint na hEorpa, nó má dhéantar comhalta d'údarás áitiúil de.

## 6. Do léiriú spéise a chur isteach

Tar éis duit na critéir oiriúnachta ginearálta maidir le comhaltacht a mheas ba cheart duit smaoineamh go cúramach ar an gcaoi a n-oireann do chúlra agus do thaithí leis na sainchritéir cheapacháin atá leagtha amach i **gCuid 4 - Sonraíocht an Duine** sa leabhrán seo.

Má chinneann tú gur mhaith leat go gceapfaí thú le haghaidh ceapacháin, féadfaidh tú do léiriú spéise a chur isteach chuig an mbosca poist seo a leanas Expertbody2020@health.gov.ie
mar aon le do Curriculum Vitae mionsonraithe agus litir chumhdaigh faoi **17.00 an 15 Deireadh Fómhair 2020.**

**NÓTA TÁBHACHTACH**

*Bí cúramach agus do léiriú spéise á chur isteach agat. Toisc go ndéanfaidh an Painéal Measúnaithe a mholadh/a mholtaí bunaithe ar bhreithniú na cáipéise a chuireann tú isteach, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaidh tú an méid seo a leanas:*

> ***Déan cinnte go sonraítear go soiléir i do Litir Chumhdaigh (agus sa CV tacaíochta) an chaoi a gcomhlíonann do chúlra agus do thaithí áirithe riachtanais phost/phoist an Chomhlachta Saineolaithe arna sonrú sa leabhrán seo agus go sonraítear inti aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann.***

*Cuideoidh sé seo lena chinntiú go mbeidh an Painéal Measúnaithe chomh heolach agus is féidir maidir le bunús d'iarrthóireachta agus an fáth go gcreideann tú gur tusa an duine a d'fhéadfaí a cheapadh mar chomhalta de Chomhlacht Saineolaithe Éireann um Fhluairídí agus Sláinte.*

## 7. Próiseas Measúnaithe

Tionólfaidh an Roinn Sláinte Painéal Measúnaithe (an "Painéal") chun na léirithe spéise a fhaigheann an Roinn trí bosca poist Expertbody2020@health.gov.ie a bhreithniú agus a mheas.

Déanfaidh an Painéal an méid seo a leanas:

- athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar na léirithe spéise a fhaightear i gcoinne na gcritéar sonrach ceapacháin don ról;
- ceapaithe ionchasacha a mheas tuilleadh, a luaithe a chomhlíonfaidh siad na critéir shonraithe cheapacháin trí aon cheann nó gach ceann de na céimeanna seo a leanas a dhéanamh:
  - Breithniú na n-iarratas i scríbhinn; agus/nó
  - Cruinniú/glao comhdhála agus/nó
  - Agallamh; agus/nó

   - Seiceálacha moltóirí;
   - Aon mhodh roghnúcháin eile a mheastar a bheith oiriúnach.
- liosta a chur le chéile de na daoine a mheastar a bheith oiriúnach le haghaidh ceapacháin, agus aird á tabhairt ar an scil/saineolas atá riachtanach, an meascán scileanna iomchuí don Chomhlacht agus cothromaíocht inscne, a chuirfear ar aghaidh ansin lena bhreithniú ag an Aire.

Má tá aon cheist agat maidir leis an bpróiseas iarratais seol ríomhphost le do thoil chuig Expertbody2020@health.gov.ie

### 8. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le Cosaint Sonraí féach láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

www.dataprotection.ie

### 9. An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Tá an Comhlacht Saineolaithe faoi réir na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise. Déanann an Rúnaíocht iarratais faoi Shaoráil Faisnéise a phróiseáil – http://www.fluoridesandhealth.ie/foi/

### 10. Coimhlintí leasa agus infhaighteacht

Ní mór duit a dhearbhú nach bhfuil aon choinbhleachtaí leasa nó aon bhac dlíthiúil agat ar dóigh duit a chuirfeadh isteach ar do chumas páirt iomlán a ghlacadh ar an gComhlacht Saineolaithe. Ní mór duit a dhearbhú freisin gur féidir leat tú féin a chur ar fáil chun freastal ar chruinnithe agus chun dualgais chomhalta den Chomhlacht Saineolaithe a chomhlíonadh.

### 11. Rúndacht

Faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2014, caithfear le hiarratais faoi rún daingean. Caitear le gach fiosrú, iarratas agus gach gné de na himeachtaí mar rún daingean agus ní nochtar iad do dhuine ar bith, lasmuigh díobh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngné sin den phróiseas.

DRAFT